DRAMHAÍL

Gníomhaíocht D06

Téama
Gníomhaíocht ranga (GR). Ag breathnú ar an méid dramhaíl pacáistí agus na cineálacha ó réimse earraí a cheannaíonn an teaghlach gach seachtain.

Cuspóirí
Súil níos géire ar phacáil agus smaoineamh ar an méid dramhaíola a dhéantar. Cuidíonn sé seo le scileanna anailíse agus ceistiúchán a fhorbairt chomh maith le iompar níos fearr ó thaobh an timpeallacht.

Snáitheanna Curaclaim
OSIE, Eolaíocht – Ábhair Airíonna agus tréithe ábhair

OSIE, Eolaíocht agus Tíreolaíocht – Feasacht agus cúram imshaoil

Scileanna
Ag ceistiú, ag breathnú, ag tuar, ag scrúdú agus ag sórtáil, rangú, ag clárú agus ag cur in iúl

Am
10 nóiméad an lá roimh ré; 10 nóiméad ag cur i láthair; 20-30 nóiméad leis an suirbhé a líonadh; 10 nóiméad le haghaidh ceisteanna agus plé. Féadfar an ghníomhaíocht a roinnt thar dhá cheacht, an chéad chuid i ngrúpaí agus ag comhaireamh agus an dara cuid ag plé leis an suirbhé ar phacáil.

Nascadh le Scoileanna Glasa
Dramhaíl agus Bruscar

An maith leat a bheith ag clúdach?

→ AG SCRÚDÚ DRAMHAÍL PHACÁLA

CÉARD A THEASTÓIDH UAIT

- Málaí siopadóireachta éadaigh, ceann ag gach grúpa de sheisear
- Málaí siopadóireachta plaisteach, ceann ag gach grúpa de sheisear
- Cúpla ábhar samplach le cur i gcomparáid, m.sh. cúpla úlla gan ceangal agus cúpla ceann pacáilte ar thráidire agus plaisteach nó filleadh plaisteach anuas orthu.

CÉARD A DHÉANFAIDH

An lá roimh ré

1 Iarr ar gach dalta dhá ábhar a thabhairt isteach ón mbaile a ceannaíodh mar chuid de shiopadóireacht na seachtaine, ceann leis an laghad pacáiste is féidir, agus an ceann leis an oiread pacáiste is féidir. D'fhéadfadh an múinteoir roinnt ábhar a chur ar fáil, seachas a bheith ag iarraidh ar dhaltaí é a dhéanamh.

2 Mar shamplaí d'ábhair le go leor pacáiste agus cinn gan pacáiste d'fhéadfadh úllaí nó torthaí eile a bheith leo féin i mála éadaigh i gcomparáid le úllaí ar thráidire clúdaithe le filleadh plaisteach i mála plaisteach.

3 Féadfaidh tú liosta siopadóireachta a dhéanamh le leanaí a mhealladh chun smaoineamh ar na cineálacha táirgí (bia i gcannaí, ábhair phearsanta, táirgí níocháin, deochanna, arán) a bhíonn i siopadóireacht na seachtaine.

ar leanúint →

DRAMHAÍL

Gníomhaíocht D06

ar leanúint →

Réamhobair Gníomhaíocht

1 Roinn an rang i ngrúpaí de sheisear. Tabhair mála plaisteach agus mála éadaigh do gach grúpa.

2 Déan cinnte nach ndéanfaidh tú aon damáiste de na hábhair! Ba cheart iad a thabhairt abhaile díreach mar a bhí siad, agus gan an pacáiste lasmuigh oscailte ach nuair is gá.

3 Cuirfidh gach grúpa an t-ábhar leis an bpacáiste is lú sa mhála éadaigh agus an t-ábhar leis an bpacáiste is mó sa mhála plaisteach.

4 Dhéanfaidh gach grúpa an t-ábhar a chomhaireamh agus cuirfidh siad an méid píosa aonair pacáilte atá ina gcuid málaí siopadóireachta i gcomparáid lena chéile (e.g. clúdach plaisteach le cur taobh amuigh, bosca, clúdach le cur taobh istigh, tráidire plaisteach). D'fhéadfá na torthaí seo a bhreacadh síos agus a chur i gcomparáid lena chéile ar an gclár dubh.

Ceisteanna

1 Labhair faoi cén fáth a mbíonn pacáiste ar earraí (e.g. le táirgí a chosaint, le táirgí a bheith ag breathnú go deas don té a cheannóidh iad). Cén fáth go mbíonn an oiread sin pacáiste ann? An bhfuil an táirge úr? An bhfuil an táirge lag? An dtarraingíonn an pacáiste aird ar an ábhar? An bhfuil sé slán in aghaidh uisce, láidir agus an seasfaidh sé? An mbeidh sé níos feiceálaí ar an seilf seachas táirge eile?

2 Labhair faoi na hábhair atá faighte ag an rang agus cé as a bhfuil siad déanta. An bhfuil siad bith-díghrádaithe? An lobhóidh siad nó an mbrisfidh siad síos? Féadfar freagraí a thabhairt ar an mbileog leis an suirbhé pacála a atá faoi iamh anseo.

3 Labhair faoin gcumhacht a bhíonn ag an duine a cheannaí-onn táirge – is féidir linn ábhair a phiocadh le níos lú pacáiste. Dá ndéanfadh a ndóthain daoine é seo, an dtabharfadh soláthróirí agus siopa aird air?

An Suirbhé

1 Taispeáin an bhileog leis an suirbhé pacála do na daltaí agus abair leo a gcuid táblaí folmha féin a tharraingt.

2 Ba cheart do ghrúpaí breathnú ar na hábhair atá sa mhála plaisteach (ábhair a bhfuil go leor pacáistí orthu) agus an bileog leis an suirbhé pacála a líonadh isteach (beidh tú in ann teorainn a chur leis seo ag brath ar an méid ama a bheidh agat).

3 Iarr ar gach grúpa tuairisc a thabhairt ar ais, ag díriú ar a gcuid smaointe le haghaidh pacáil a laghdú nó é a bheith níos fearr don timpeallacht.

4 Féadfaidh daltaí úsáid a bhaint as an gcárta eolais plaisteach ar a mbeidh siombal athchúrsála a chuirfear ar fáil leis na plaisteacha le haghaidh athchúrsála a sórtáil agus fáil amach cén úsáid is féidir a bhaint astu.

Ar aghaidh leat

1 I 2001 bhí gach duine in Éirinn freagrach as 375kg dramhaíl tí a tháirgeadh. Céard é meán meáchan dalta i do rang (is féidir buille faoi thuairim a thabhairt d'fhonn gan éirí ró-phearsanta faoi). Cén méid páiste a thógfadh sé le 375kg a dhéanamh suas?

2 D'fhéadfaí an ceacht seo a dhéanamh ag amanna difriúla den bhliain féachaint an mbeadh na torthaí difriúil: (e.g. úsáidtear go leor pacáil ag an Nollaig agus ag an Cháisc le haghaidh bréagáin agus milseáin).

3 D'fhéadfadh daltaí suirbhé a dhéanamh faoi phacáil ina dteach féin agus na torthaí a phlé sa rang.

Cé as a bhfuil pacáistí déanta?

Ábhar Pacáiste	Bithdíghrádaithe?	Amhábhar
Plaisteach	Níl	Ola
Canna deochanna	Níl	Alúmanam
Canna bia	Níl	Stán
Páipéar/cairtchlár	Tá	Adhmad

SUIRBHÉ PACÁLA

Ábhar	Líon na bpíosaí pacáiste	Cuir síos ar gach píosa pacáiste agus cé as a bhfuil sé déanta	An bhfuil sé bith-díghrádaithe? An lobhóidh sé nó an mbrisfidh sé síos?	An féidir é a athchúrsáil i do bhailiúchán bruscair nó ag d'ionad athchúrsála áitiúil?	Cén chaoi a ndéanfá pacáistí a bheadh níos deise don chomshaol tríd an bpacáil a laghdú nó trí úsáid a bhaint as ábhair bhith-díghrádaithe?
Sampla: Paicéad brioscaí	4	Clúdach le cur taobh amuigh Bosca cairtchlár Tráidire plaisteach Clúdach plaisteach le cur taobh istigh	Níl Tá Níl Níl	Ní féidir Is féidir Ní féidir Ní féidir	D'fhéadfaí tráidire cairtchlár a úsáid nó gan aon tráidire. Ní theastaíonn an pacáiste plaisteach le cur taobh amuigh

DRAMHAÍL

Gníomhaíocht D06

ar leanúint →

Siombal & Cur Síos	Cur Síos & Úsáidí	Athchúrsáilte isteach i:
Poileitiléin		
 → Plaisteach láidir geal → É láidir agus cuireann cosc ar leacht nó gás teacht isteach nó éalú	→ Buidéil deochanna boga den chuid is mó → Crúscaí plaisteacha bia mar peanut butter agus buidéil citseap trátaí	→ Úsáidtear poileitiléin PET le snáithín/ábhar ar a dtugtar poileastar a dhéanamh → Éadaí, málaí, geansaithe lomracha, cairpéid → Soithigh le haghaidh deochanna, bagáiste agus buidéil
Poileitiléin Ard-dlúis		
 → Plaisteach geal/daite atá teann agus láidir → Ní ligeann sé taiseacht tríd → Láidir in aghaidh cheimicí	→ Úsáidtear é le ceimicí tí a phacáil mar ábhar tuartha → Buidéil bhainne phlaisteacha, seaimpiú, cartáin íogairte	→ Úsáidtear HDPE athchúrsáilte i réimse ábhar plaisteach a úsáidtear in obair throm → Buicéid, crátaí, potaí bláthanna, boscaí bruscair athchúrsáilte, binsí, boird phicnice
Polaivinil Clóiríde		
 → Láidir in aghaidh cheimicí → Meascann sé go héasca le plaisteach solúbtha nó crua a dhéanamh	→ Insliú cáblaí, sreangáin, feadáin leighis, pacáistí geal do bhia → Píopaí tógála, tíleanna urláir, frámaí fuinneoga	→ Pacáil → Gáitéir, clúdach puitigh, boscaí leictreacha, cóin thráchta
Poileitiléin Íseal-dlúis		
 → Láidir, solúbtha agus trédhearcach	→ Scannán plaisteach i.e. málaí aráin agus málaí le bia a chur sa reoiteoir, tirimghlanadh → Buidéil gur féidir a fháisceadh	→ Líonáin do bhoscaí bruscair, clúdaigh litreach lastais → Boscaí bruscair múiríní, tíleanna urláir.
Polapróipiléin		
 → Láidir in aghaidh chemicí → Leáphointe ard	→ Buidéil citseap trátaí, cartáin íogairtí → Buidéil leighis	→ Cásanna do bhátaire, soilse comharthaí, tonnadóirí ola, raca rothair
Polaistiréin		
 → Plaisteach crua/cúr → Leáphointe íseal	→ Tráidirí feola agus torthaí in ollmhargaí, cupáin caifé a cheannaítear as meaisíní, pacáiste a bhíonn ar theilifís nua srl.	→ Teirmiméadair, cúr-phlátaí agus cupáin, tráidirí deasca